Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## Aonad 3

# Cáin Ioncaim d'Fhostaithe

## Plean Ceachta



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## 1.0 Toradh Foghlama

Chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ngearrtar cáin ar ioncam in Éirinn agus a bheith in ann suimeanna bunúsacha a dhéanamh ar cháin ioncaim.

## 2.0 Spriocanna Foghlama

Ag deireadh an cheachta seo, beidh mé in ann:

| | |
|---|---|
| 1. | Na cineálacha éagsúla ioncaim a thuilleann daoine aonair agus gnólachtaí a mhíniú |
| 2. | Idirdhealú a dhéanamh idir cánacha díreacha agus indíreacha |
| 3. | Idirdhealú a dhéanamh idir ioncam incháinithe agus neamh-incháinithe |
| 4. | Breac-chuntas a thabhairt ar choincheap na mbandaí ráta cánach agus na gcreidmheasanna cánach |
| 5. | Míniú a thabhairt ar an gcaoi a n-oibríonn an córas ÍMAT |
| 6. | Suimeanna bunúsacha a dhéanamh ar cháin ioncaim |

## 3.0 Fad ama

2 x rang uair an chloig

## 4.0 Naisc

### Naisc Tuisceana

Ioncam, Pá, Tuarastal, Bónas, Coimisiún, Séisíní, Brabús, Díbhinn, Sochair leasa shóisialta, Cáin dhíreach, Cáin indíreach, Ioncam incháinithe, Ioncam neamh-incháinithe, Cáin Ioncaim, Córas ÍMAT, UPSP, FPCI, Asbhaintí reachtúla, Asbhaintí neamhreachtúla, Cáin éigeandála, Creidmheasanna cánach

### Naisc Uimhearthachta

Rátaí cánach, Suimiú, Dealú, Iolrú Céatadáin, Roinnt

### Naisc Traschuraclaim

Gnó, Eolaíocht Ríomhaireachta, Eacnamaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Mata

### Scileanna Idirbhliana

A bheith éifeachtach go pearsanta, Cumarsáid, Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, Próiseáil faisnéise, Obair le daoine eile

# 5.0 Acmhainní

| | |
|---|---|
| **1.** | Clár bán, teilgeoir, ríomhaire pearsanta / ríomhaire glúine le nasc idirlín |
| **2.** | Plean Ceachta |
| **3.** | Cur i láthair PowerPoint |
| **4.** | Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí |
| **5.** | Bileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí & Freagraí |
| **6.** | Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna Cánach Comhlán |
| **7.** | Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna Cánach Comhlán & Freagraí |
| **8.** | Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna Glanchánach |
| **9.** | Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna Glanchánach & Freagraí |
| **10.** | Bileog Bandaí Cánach, Creidmheasanna Cánach, Bonn Cánach agus MSU |
| **11.** | Bileog "Bréagnú na Miotas" |
| **12.** | Bileog Oibre & Freagraí ar Thráth na gCeist |
| **13.** | Kahoot! Uaslódáil Scarbhileog & Freagraí ar Thráth na gCeist |
| **14.** | Dialann Foghlama Scoláire |

# 6.0 Réamhrá Ceachta

Tugann **an múinteoir breac-chuntas** gairid ar na **spriocanna foghlama** ar **shleamhnán PowerPoint 2** chun na hábhair atá le clúdach le linn an aonaid a thaispeáint. **Scaipeann** an múinteoir cóip de **Aonad 3: Bileoga Oibre 1 agus 2 le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí** ar **gach scoláire**. Ina theannta sin, faigheann scoláirí **Aonad 3: Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna Cáin Chomhlán** agus **Aonad 3: Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna Cáin Ghlan**.

## 6.1 Dul Siar ar an gCeacht Roimhe Seo

### Gníomhaíocht 1

Taispeánann an múinteoir **sleamhnán PowerPoint 3** do na scoláirí ar a bhfuil dul siar ar an gceacht roimhe seo atá le déanamh acu ina n-aonar. Is **gníomhaíocht dumpála inchinne** í seo, áit a ndéanann na scoláirí an oiread eolais agus is féidir leo a thabhairt chun cuimhne **ó Aonad 2** agus taifead a dhéanamh air sin **ag baint úsáid** as na **leideanna** a thugtar. Is féidir leis an múinteoir **suas le cúig nóiméad** a thabhairt do scoláirí **chun taifead a dhéanamh** ar an eolas ar **Aonad 3: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 1** ar féidir í a phlé ansin mar ghrúpa **ranga iomlán**.

D'fhéadfadh na nithe seo thíos a bheith san áireamh sna freagraí a d'fhéadfadh na scoláirí a thabhairt:

| Leid | Freagraí a Mholtar |
|---|---|
| **Cánacha Peacaí agus Pigou** | • Cánacha a ghearrtar ar nithe a dhéanann dochar don tsochaí<br>• San áireamh i gcánacha Peacaí: Cáin ar Alcól, Cáin ar Tháirgí Tobac, Cáin ar Dheochanna Siúcra-Mhilsithe (CDSM)<br>• Úsáidtear an t-ioncam a bhailítear ó chánacha Peacaí le haghaidh caiteachas ginearálta an Rialtais<br>• San áireamh i gcánacha Pigou: Tobhach ar Mhálaí Plaisteacha, Cáin Charbóin<br>• Úsáidtear an t-ioncam a bhailítear ó chánacha Pigou le haghaidh tionscadail ar leith chun laghdú a dhéanamh ar an tionchar diúltach a bheidh ag na rudaí seo ar an tsochaí |
| **Dáil Éireann agus Seanad Éireann** | **Dáil Éireann**<br>• Toghann an pobal 160 Teachta Dála<br>• Tá an Taoiseach, Tánaiste agus na hAirí sa Chomh-Aireacht<br>**Seanad Éireann**<br>• 60 Seanadóir – déanann siad plé ar reachtaíocht a mholann Dáil Éireann |
| **Páirtithe leasmhara a mbíonn tionchar acu ar dhlíthe cánach** | • Grúpaí spéise, m.sh., Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), Comhdháil na gCeardchumann (ICTU), Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)<br>• An tAontas Eorpach<br>• Na Coimisinéirí Ioncaim<br>• An Roinn Airgeadais |
| **Céimeanna de Bhille** | • Is dlí molta é Bille<br>• Bíonn 5 Chéim ann: An Chéad Chéim, An Dara Céim, An Tríú Céim (Céim an Choiste), An Ceathrú Céim (Céim na Tuarascála), An Chéim Dheiridh<br>• Ní mór do Bhille dul trí Dháil Éireann agus Seanad Éireann araon sula gcuirfear chuig Uachtarán na hÉireann é le síniú ina dhlí |

# 7.0 Ioncam – Sainmhíniú ar Ioncam agus na Cineálacha Ioncaim a fhaigheann Daoine Aonair agus Eagraíochtaí

### Gníomhaíocht 2

Taispeánann an **múinteoir sleamhnán PowerPoint 4** do **scoláirí** agus úsáideann siad **Smaoinigh - Oibrigh i bPéirí - Roinn** ansin chun plé a dhéanamh ar s**hainmhíniú ar ioncam** agus ar na **daoine aonair** agus **na heagraíochtaí ar féidir leo ioncam a fháil**. Déanann **na scoláirí** taifead ar an eolas seo ar **Aonad 3: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 2 (i)**.

Ar **shleamhnáin PowerPoint 5 agus 6 léiríonn an múinteoir roinnt sainmhínithe coitianta** ar ioncam, chomh maith le **daoine aonair** agus **eagraíochtaí** ar féidir leo ioncam a fháil.

**Leanann** scoláirí leis an ngníomhaíocht seo agus déanann siad **ransú smaointe** ar na **cineálacha ioncaim** is féidir le **daoine aonair agus gnólachtaí araon a fháil**. Déantar **taifead** orthu seo ar **Aonad 3: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 2 (ii)**. De réir mar a **roinneann** na scoláirí na **moltaí** seo leis an rang, is féidir leis an **múinteoir taifead a dhéanamh** orthu ar **shleamhnán PowerPoint 7**.

## 7.1 Cineálacha Ioncaim

Ar **shleamhnáin PowerPoint 8-10**, déanann an **múinteoir** plé **ar shainmhínithe ar dhá chineál déag éagsúla ioncaim** a fhaigheann daoine aonair agus eagraíochtaí. Cinntíonn sé seo go dtuigeann **gach scoláire** roinnt **cineálacha coitianta ioncaim** a fhaigheann daoine aonair agus eagraíochtaí.

# 8.0 Cánacha díreacha agus indíreacha

**Fiafraíonn an múinteoir** de na scoláirí an bhfuil a fhios acu céard é **an difríocht idir cánacha díreacha agus indíreacha**. B'fhéidir go gcuimhneoidh roinnt scoláirí ar na téarmaí seo ó Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí. Is féidir leis an múinteoir na **mínithe** ar na cineálacha éagsúla cánacha seo a thaispeáint ar **shleamhnán PowerPoint 11**. **Ag brath ar chúrsaí ama**, d'fhéadfadh an múinteoir iarraidh ar s**coláirí cur síos a dhéanamh ar** gach ceann de na **cánacha** a ndéantar tagairt dóibh ar an sleamhnán seo chun **dul siar** ar ábhar ó **Aonad 1**.

# 9.0 Ioncam Incháinithe agus Neamh-Incháinithe

**Ar shleamhnáin PowerPoint 12-15**, tugann an múinteoir **cáin ioncaim** isteach mar choincheap agus **míníonn** sé/sí an difríocht idir ioncam incháinithe agus **neamh-incháinithe** maidir le cáin ioncaim.

### Gníomhaíocht 3

Ar **shleamhnán PowerPoint 16**, taispeántar ceithre **cheist** a bhaineann **le hioncam neamh-incháinithe**. Ina n-aonar / i mbeirteanna, **déanann scoláirí taighde ar líne** chun na ceithre cheist a fhreagairt. Déanann scoláirí **taifead** ar an eolas seo ar **Aonad 3: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 3**.

### Gníomhaíocht 4

Tá ocht gcineál ioncaim le feiceáil ar shleamhnáin PowerPoint 17-18. **Ina n-aonar, aithníonn scoláirí** cé acu is féidir nó nach féidir cáin a ghearradh ar an ioncam sin. Déanann na **scoláirí taifead** ar an eolas seo ar **Aonad 3: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 4**.

# 10.0 An Córas ÍMAT

Tugann an múinteoir le fios **go ndíreoidh** an t-aonad **ar an gcóras ÍMAT** maidir le **hIoncam Fostaíochta Sceideal E** a bhailiú. Cuireann an múinteoir **Lucy** in aithne mar **scoláire Idirbhliana** atá ag tosú ar a céad phost agus ar na céimeanna a ghlacann sí féin mar fhostaí, chomh maith leis na céimeanna a ghlacann an fostóir agus na Coimisinéirí Ioncaim chun í **a chlárú ar an gcóras ÍMAT**. Cuirtear an t-eolas seo ar fáil ar **shleamhnáin PowerPoint 19 - 21**.

Fiafraíonn an **múinteoir** an bhfuil scoláirí ar an eolas faoin **téarma UPSP** agus an **bhfuil a fhios** ag na scoláirí conas an uimhir thagartha seo **a fháil**. Taispeántar sainmhíniú do UPSP ar **shleamhnán PowerPoint 21**.

Tugann an múinteoir breac-chuntas freisin ar an gcaoi a ndéanann na **Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis atá acu a thabhairt suas chun dáta** nuair a fhágann Lucy a post agus nuair a **thosaíonn sí ag obair i bpost nua**. Seolann an fostóir nua an fhaisnéis chuig na Coimisinéirí Ioncaim ag baint úsáid as an gcóras párolla. Déantar cur síos ar an **bpróiseas** seo ar **shleamhnáin PowerPoint 22 - 23**.

# 11.0 Duillín pá samplach do Lucy

Léiríonn **sleamhnán PowerPoint 24 nach bhfuil a fhios ag Lucy conas duillín pá a léamh**. **Fiafraíonn an múinteoir** de na scoláirí an bhfuil **baol ann a bhaineann le gan a bheith in ann duillín pá a léamh**.

D'fhéadfadh an méid seo thíos a bheith i measc **fhreagraí na scoláirí**:

| |
|---|
| • B'fhéidir nach n-íocfadh Lucy a dóthain cánach de thaisme |
| • Seans go n-íocfadh Lucy an iomarca cánach trí thimpiste |
| • Seans nach mbeadh an ráta ceart á íoc le Lucy i leith pá bunúsach nó ragobair |

Ar **shleamhnán PowerPoint 25, déanann na scoláirí scrúdú ar dhuillín pá Lucy**. D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith **i bplé ranga**:

| |
|---|
| • Céard is pá bunúsach ann? Cén chaoi ar féidir é a oibriú amach? |
| • Céard is ragobair ann? Cén fáth a bhfuil an ráta ragoibre níos airde ná a bunráta pá? |
| • Cad is cáin ioncaim, ÁSPC agus MSU ann? |

## 11.1 Asbhaintí Reachtúla agus Neamhreachtúla

Má tá **an t-idirlíon** ar fáil do scoláirí, d'fhéadfaidís **taighde** a dhéanamh ar an difríocht idir **asbhaintí reachtúla** agus **neamhreachtúla**. De rogha air sin, **fiafraíonn** an múinteoir de scoláirí an bhfuil a fhios acu an difríocht idir an dá théarma. Taispeánann an múinteoir na sainmhínithe agus na samplaí ar **shleamhnán PowerPoint 26**.

# 12.0 Buneolas Cánachais agus an córas ÍMAT á úsáid

Taispeántar an **córas ÍMAT** ar **shleamhnán PowerPoint 28**. **Míníonn an múinteoir** an **bonn cánach** a úsáidtear don chóras sin.

D'fhéadfaí plé ranga a dhéanamh maidir le cáin éigeandála le ceisteanna mar seo:

| |
|---|
| • An bhfuil a fhios agat cad is brí leis an téarma Cáin Éigeandála? |
| • An bhfuil taithí agat ar Cháin Éigeandála agus tú ag obair? |
| • Cén fáth, dar leat, a ngearrann na Coimisinéirí Ioncaim Cáin Éigeandála? |

# 13.0 Bandaí Ráta Cánach

**Fiafraíonn an múinteoir** de scoláirí an bhfuil siad eolach ar na **bandaí ráta cánach ioncaim reatha**. Seans go mbeidh a fhios ag scoláirí an ráta caighdeánach 20% agus an ráta imeallach 40%. **Míníonn an múinteoir** coincheap an **Scoithphointe Ráta Chaighdeánaigh** agus scrúdaíonn sé/sí **dhá shampla** den chaoi a mbaineann sé seo le Lucy agus Ben ar **shleamhnáin PowerPoint 29 - 3**2.

Ar **shleamhnán PowerPoint 33**, taispeánann an **múinteoir** an **Scoithphointe Ráta Chaighdeánaigh bliantúil, míosúil, coicísiúil** agus **seachtainiúil** maidir le **duine singil**. Tá sé tábhachtach **míniú** gairid a thabhairt ar an gcaoi a n-oibrítear amach na bandaí seo chun scoláirí a ullmhú do **ríomhanna** a bhaineann le **Cáin Chomhlán** agus **Cáin Ghlan**, ríomhanna atá le teacht.

**Tasc Breise**

**13.1**

D'fhéadfadh scoláirí féachaint ar **fhíseán** (3 nóim 34s) ar **shleamhnán PowerPoint 34**; tá **achoimre** san fhíseán ar **ioncam incháinithe** agus **neamh-incháinithe**, ar **conas clárú ar an gcóras ÍMAT** den chéad uair agus ar **bhandaí ráta cánach.**

## 13.1 Suimeanna Cánach Ioncaim (Cáin Chomhlán)

Dáileann an **múinteoir Aonad 3: Bileog Bandaí Cánach, Creidmheasanna Cánach, Bonn Cánach agus MSU** agus déanann sé/sí plé ar **4 ríomh shamplacha ar cháin ioncaim** ar **shleamhnáin PowerPoint 35 - 38**. Déanann na **scoláirí taifead** ar **fhreagraí** na gceisteanna seo i **dteimpléid** a chuirtear ar fáil le h**Aonad 3: Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna Cánach Comhlán**. Léiríonn na ceisteanna samplacha seo do scoláirí conas **cáin chomhlán** a oibriú amach do réimse cúinsí pearsanta éagsúla.

Críochnaíonn na **scoláirí** na **ceisteanna breise ar Cháin Chomhlán in Aonad 3: Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna Cánach Comhlán**. Is féidir iad seo a chríochnú **sa rang** nó a thabhairt mar **obair bhaile**. Is féidir **freagraí** do na ceisteanna seo a fháil in **Aonad 3: Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna Cánach Comhlán & Freagraí**.

# 14.0 Creidmheasanna Cánach

**Fiafraíonn an múinteoir** de scoláirí an **aithníonn** siad an téarma **creidmheasanna cánach** – seans go gcuimhneoidh roinnt scoláirí ar an téarma ó Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí. **Míníonn** an múinteoir **creidmheasanna cánach** agus soláthraíonn sé/sí roinnt **samplaí** coitianta ar **shleamhnáin PowerPoint 39 - 40**.

### Gníomhaíocht 5

Ar **shleamhnáin PowerPoint 41-42**, **sainaithníonn scoláirí** cé na creidmheasanna cánach atá gach duine i dteideal a fháil. Is féidir le scoláirí **taifead** a dhéanamh ar a gcuid freagraí do **Aonad 3: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 5**. Is féidir freagraí **a cheartú** mar **ghrúpa ranga** iomlán.

### Freagraí

| Ainm | Creidmheasanna Cánach |
|---|---|
| Sam | Creidmheas Cánach do Dhuine Singil, Creidmheas Cánach Fostaí ÍMAT |
| Hassan | Creidmheas Cánach do Dhuine Pósta (ioncam ag céile amháin), Creidmheas Cánach Fostaí ÍMAT |
| Nikolas | Creidmheas Cánach Baintreach/Baintreach fir gan leanbh (linbh) cleithiúnach, Creidmheas Cánach Fostaí ÍMAT |
| Anna | Creidmheas Cánach Páirtnéara Shibhialta (ioncam ag céile amháin), Creidmheas Cánach Fostaí ÍMAT |

# 15.0 Suimeanna Cánach Ioncaim (Cáin Ghlan)

Déanann an **múinteoir** plé ar **dhá shampla** ar **shleamhnáin PowerPoint 44 – 45** faoi conas cáin ghlan a oibriú amach. Tá na ceisteanna samplacha seo bunaithe ar cheisteanna samplacha 1 agus 4 ó na ríomhanna a bhí ann níos luaithe le haghaidh cáin chomhlán. Déanann na **scoláirí taifead** ar **fhreagraí** na gceisteanna seo sna **teimpléid** a chuirtear ar fáil ar **Aonad 3: Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna Glanchánach**.

### Tasc Breise

## 15.1

D'fhéadfadh na **scoláirí** féachaint ar an **bhfíseán (2 nóim 3s)** ar **shleamhnán PowerPoint 45**; tá **achoimre** ann **ar chreidmheasanna cánach** agus **ar bhonn cánach**.

Déanann **scoláirí** na **Ríomhanna do Aonad 3: Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna Glanchánach**. Is féidir iad seo a chríochnú **sa rang** nó a thabhairt mar **obair bhaile**. Is féidir freagraí ar na ceisteanna seo a fháil in **Aonad 3: Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna Glanchánach & Freagraí**.

## 16.0 Gníomhaíocht - Dul Siar

Ina n-aonar, críochnaíonn scoláirí **Bileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí** chun dul siar a dhéanamh ar an ábhar atá clúdaithe acu in **Aonad 3**.

**Tasc Breise**

### 16.1 Bréagnú na Miotas

Léann na scoláirí na **ráitis** agus na **mínithe** ar mhiotais choitianta a bhaineann le cáin ioncaim in Éirinn.

### 16.2 Néal Focal

Mar **chleachtadh ar dhul siar**, d'fhéadfadh scoláirí **míniú** a thabhairt ar gach ceann de na **príomhthéarmaí** atá le feiceáil ar **Néal Focal** ar **shleamhnán PowerPoint 46**.

### 16.3 Tráth na gCeist

Is féidir le múinteoir Aonad 3 a uaslódáil: Cáin Ioncaim d'Fhostaithe scarbhileog Excel chuig cuntas Kahoot féin [is féidir treoracha a fháil anseo] agus is féidir le **scoláirí tráth na gceist ar líne a dhéanamh**. Mura bhfuil an t-idirlíon / gléas ar fáil do scoláirí, d'fhéadfaí **leagan bileog oibre** de thráth na gceist a dháileadh orthu le déanamh.

## 17.0 Dialann Foghlaimeora

Dáileann an múinteoir **teimpléad den dialann foghlama** agus **críochnaíonn scoláirí** an dialann foghlama a bhaineann leis an aonad seo.